# Bealtaine





Bealtaine atá tagtha
An aimsir níos teo
Le chéile ag an tine
Ár dteanga fós beo



Baileoimid na bláthanna
Bán is buí ar altóir
Dia agus sean-déithe
Éistigí lenár nglóir





Síocháin idir dhuine is dhúlra
Tús an tSamhraidh bhuí
Nósanna le ceiliúradh
Misneach spreagtha i mo chroí



Féile ársa na nGael
Anois agus fadó
Filíocht ó bhéal
Ár dteanga fós beo









le Tonaí Ó Roduibh

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta